AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2024
COM(2024) 142 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le fionraíocht pháirteach ar chur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas agus aon eintiteas dlíthiúil atá faoi úinéireacht nó faoi rialú saoránach nó náisiúnach de Chónaidhm na Rúise nó de Phoblacht na Bealarúise, agus ar aon infheistíocht de réir bhrí an Chonartha um Chairt Fuinnimh ar infheistíocht í de chuid infheisteora ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise**

# <u>IARSCRÍBHINN</u>

## DEARBHÚ

### thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus na mBallstát uile atá ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh um Chairt Fuinnimh

Leis seo, diúltaíonn an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus na Ballstáit uile atá ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh um Chairt Fuinnimh (‘ECT’) sochair Chuid III de ECT dóibh siúd a leanas:

(1) aon eintiteas dlíthiúil atá faoi úinéireacht nó faoi rialú saoránach nó náisiúnach de Chónaidhm na Rúise nó de Phoblacht na Bealarúise agus nach bhfuail aon ghníomhaíocht ghnó shubstaintiúil aige i limistéar an Pháirtí Chonarthaigh ina bhfuil sé eagraithe, de bhun Airteagal 17(1) ECT; agus

(2) aon infheistíocht de réir bhrí ECT ar infheistíocht í de chuid infheisteora ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise, de bhun litir (b) d’Airteagal 17(2) ECT.

Tá smachtbhannaí glactha agus coinnithe ar bun ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit in aghaidh Chónaidhm na Rúise mar gheall ar a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, agus in aghaidh Phoblacht na Bealarúise chomh maith agus í ina comhchoirí sa chogadh foghach sin. Ar na smachtbhannaí sin tá bearta (i) lena gcuirtear toirmeasc ar idirbhearta le hinfheisteoirí de chuid Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, agus (ii) a dhéanfaí a shárú nó a imchéimniú dá mba rud é go dtabharfaí sochair Chuid III de ECT d’infheisteoirí de chuid na stát sin nó dá n-infheistíochtaí.